

Réitigh an Ciúb

Torthaí Foghlama i bhFócas

Snáithe Comhthéacsúil: D&S 3

Ba chóir go mbeadh se ar chumas an scoláire sonraí a léirmhinú chun an Domhan a chur i comparáid le pláinéid agus le gealacha eile sa ghriainchóras, agus tagairt a dhéanamh dá n-airíonna ina measc mais, domhantarraingt, méid agus comhdhéanamh.

Léirimhínigh: eolas agus tuiscint a úsáid chun treochtaí a aithint agus teach tar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar.

Nádur na hEolaíochta: N na hE 1

1. Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire léirthuiscint a bheith aige don chaoi a mbíonn eolaithe ag obair agus don chaoi a gcoigeartaítear tuairimí le himeacht aimsire.

Intinní Foghlama

Beidh scoláirí ag foghlaim chun:

1. Treochtaí nó patrúin i sonraí a aithint chun foghlaim conas atá an Domhan i gcomparáid le pláinéid eile.
2. Fios a bheith acu conas a oibríonn eolaithe.

Réamhfhoghlaim

Ba chóir go mbeadh taithí áirithe ag scoláirí ar phláinéid éagsúla i gcóras na Gréine againn.

Eolas do mhúinteoirí

Tá 3 bhileog oibre le húsáid agus mar sin de tá roghanna éagsúla ann chun tabhairt faoin ngníomhaíocht seo

1. Bileog Oibre A – díríonn an fhoghlaim ar chomparáid a dhéanamh idir an Domhan agus pláinéid eile
2. Bileog Oibre B – díríonn an fhoghlaim ar conas a oibríonn eolaithe
3. Bileog Oibre C – tugtar an dá intinn foghlama le chéile i ngníomhaíocht amháin

Gníomhaíocht Fhéideartha Le Cois

- Iarr ar scoláirí toirt na bpláinéad a ríomh trí úsáid a bhaint as foirmle le haghaidh trastomhais agus toirt sféir. Ansin, agus na sonraí ríofa toirte agus dlúis ón tábla in úsáid, iarr ar na scoláirí mais na bpláinéad a ríomh.
- Úsáid Pacáiste Chóras na Gréine ón bPláinéadlann ag www.armaghplanet.com – iarr ar scoláirí comparáid a dhéanamh idir comhdhéanamh agus domhantarraingt na bpláinéad éagsúla agus a n-oiriúnacht le haghaidh beatha dhaonna a phlé.


Réitigh an Ciúb (A)

Chun an ciúb a réiteach beidh ort **treochtaí nó pátrúin sna sonraí a aithint ionas go mbeadh tú i ndán foghlaim conas atá an Domhan i gcomparáid le pláinéid eile.**

Sé an tasc ná teacht ar chinneadh cad é atá scríofa ag bun an chiúib. NÍL cead agat baint den chiúb ná do shuíochán a fhágáil.

Treoracha

1. Pléigí cad é atá ar eolas agaibh faoi conas atá an Domhan i gcomparáid le pláinéid eile.
2. Mar ghrúpa ní mór daoibh a thuar cad atá scríofa ag bun an chiúib. Chun an ciúb a fhuascailt beidh oraibh tagairt don bhileog sonraí a thugtar chun cabhrú libh patrúin a fheiceáil.
3. Sa spás atá tugtha taispeáin cad a thuarann sibh a bheidh ar bhun an chiúib agus mínigí bhur réasúnaíocht.



4. Le linn na gníomhaíochta seo bhí sibh ag cuardach treochtaí i sonraí ionas **an Domhan a chur i gcomparáid le pláinéid eile**. Scríobh síos trí rudaí a d'fhoghlaim tú sa spás thíos.


Réitigh an Ciúb (B)

Tríd an tasc seo a dhéanamh ba chóir daoibh **beagán tuisceana a fháil ar an gcaoi a mbíonn eolaithe ag obair.**

Chun an ciúb a fhuascailt ní mór daoibh a bheith ag obair ar nós grúpa eolaithe chun tuar a dhéanamh cad é atá ag bun an chiúib. NÍL cead agat baint den chiúb ná do shuíochán a fhágáil.

Treoracha

1. Pléigí cad é atá ar eolas agaibh faoin gcaoi a mbíonn eolaithe ag obair.
2. Mar ghrúpa ní mór daoibh a thuar cad atá scríofa ag bun an chiúib. Chun an ciúb a fhuascailt beidh oraibh tagairt don bhileog sonraí a thugtar chun cabhrú libh patrúin a fheiceáil.
3. Sa spás atá tugtha taispeáin cad a thuarann sibh a bheidh ar bhun an chiúib agus mínígí bhur réasúnaíocht.



4. Tríd an ngníomhaíocht seo a dhéanamh bhí sibh ag fail blaiseadh **ar an gcaoi a mbíonn eolaí ag obair.** Scríobh síos trí rudaí a d'fhoghlaim tú sa spás thíos.

Réitigh an Ciúb (C)


Chun an ciúb a réiteach beidh ort **treochtaí nó pátrúin sna sonraí a aithint ionas go mbeadh tú i ndán foghlaim conas atá an Domhan i gcomparáid le pláinéid eile.**

Tríd an tasc seo a dhéanamh ba chóir daoibh **beagán tuisceana a fháil ar an gcaoi a mbíonn eolaithe ag obair.**

Ní mór daoibh a bheith ag obair ar nós grúpa eolaithe chun tuar a dhéanamh cad é atá ag bun an chiúib. NÍL cead agat baint den chiúb ná do shuíochán a fhágáil.


Treoracha

1. Pléigí cad é atá ar eolas agaibh faoin gcaoi a mbíonn eolaithe ag obair.
2. Pléigí cad é atá ar eolas agaibh faoi conas atá an Domhan i gcomparáid le pláinéid eile
3. Mar ghrúpa ní mór daoibh a thuar cad atá scríofa ag bun an chiúib. Chun an ciúb a fhuascailt beidh oraibh tagairt don bhileog sonraí a thugtar chun cabhrú libh patrúin a fheiceáil.
4. Sa spás atá tugtha taispeáin cad a thuarann sibh a bheidh ar bhun an chiúib agus mínigí bhur réasúnaíocht.



5. Tríd an ngníomhaíocht seo a dhéanamh bhí sibh ag fail blaiseadh **ar an gcaoi a mbíonn eolaí ag obair.** Scríobh síos trí rudaí a d'fhoghlaim tú sa spás thíos.
6. Le linn na gníomhaíochta seo bhí sibh ag cuardach treochtaí i sonraí ionas **an Domhan a chur i gcomparáid le pláinéid eile.** Scríobh síos trí rudaí a d'fhoghlaim tú sa spás thíos.

Teimpléad chun an Ciúb a Réiteach



**Roinnt sonraí faoi na pláinéid atá le fáil in
 ár córas na gréine.**

	Trastomhas (Km)	Dlús (Kgm ⁻³)	Fad Rothlaithe (uaireanta)
Mearcair	4879	5427	1407.6
Véineas	12,104	5243	-5832.5
Domhan	12,756	5514	23.9
Mars	6792	3933	24.6
Iúpatar	142,984	1326	9.9
Satarn	120,536	687	10.7
Úránas	51,118	1271	-17.2
Neiptiún	49,528	1638	16.1

**Roinnt sonraí faoi na pláinéid atá le fáil in
 ár córas na gréine.**

	Trastomhas (Km)	Dlús (Kgm ⁻³)	Fad Rothlaithe (uaireanta)
Mearcair	4879	5427	1407.6
Véineas	12,104	5243	-5832.5
Domhan	12,756	5514	23.9
Mars	6792	3933	24.6
Iúpatar	142,984	1326	9.9
Satarn	120,536	687	10.7
Úránas	51,118	1271	-17.2
Neiptiún	49,528	1638	16.1